AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Socruithe Ath-imlonnaithe ag Leibhéal na hIar-bhunscoile do Bhuanmhúinteoirí agus múinteoirí a bhfuil Conarthaí Tréimhse Éiginnte (*Contract of Indefinite Duration*, CTÉ) acu

Márta 2017

Baineann an doiciméad seo leis an *Scéim Phíolótach um Ath-imlonnú Deonach* d'Iar-bhunscoileanna.

Tá eolas breise ar fáil freisin sa doiciméad ***Ceisteanna Coitianta – Scéim Ath-imlonnaithe d'Iar-bhunscoileanna.***

Ba chóir gach ceann de na ceisteanna coitianta sa doiciméad seo a léamh sa chomhthéacs gurb é an fheidhm bhunúsach atá ag na socruithe ath-imlonnaithe ná ath-imlonnú na mbuanmhúinteoirí/ múinteoirí CTÉ le cois chuig scoileanna eile ina bhfuil folúntais a éascú. Tá ath-imlonnú na mbuanmhúinteoirí/múinteoirí CTÉ le cois fíorthábhachtach maidir le cumas na Roinne feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus dá huasteorainn ar uimhreacha múinteoirí.

Scéim Phíolótach um Ath-imlonnú Deonach

Eolas do scoileanna agus do Bhuanmhúinteoirí/Mhúinteoirí CTÉ

1. **Cad is scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach ann?**

   Feidhmíonn scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach go tréimhsiúil i gceantair ainmnithe chun ath-imlonnú múinteoirí ó scoileanna ina bhfuil múinteoirí sa bhreis ar an leithdháileadh atá ceadaithe agus ó scoileanna atá ag dúnadh a éascú.

2. **Cá bhfuil an scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach i bhfeidhm?**

   Feidhmeoidh an scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach in 2016 do mhúinteoirí in iar-bhunscoil i gcontaetha Chiarraí, Chorcaí, Luimnigh, Thiobraid Árann, an Chláir agus na Gaillimhe atá chuimsitear faoi gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2018.

3. **An féidir le múinteoir cur isteach ar ath-imlonnú deonach faoin scéim Phíolótach mura bhfuil múinteoirí ina scoil de bhreis ar a leithdháileadh?**

   Is féidir le múinteoirí atá buan/ar Chonradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ) in iarbhunscoileanna sna contaetha sonraithe ag 2 thuas a thagann faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2018 cur isteach ar ath-imlonnú deonach faoi réir faofa údarás bainistíochta na scoile, seachas múinteoirí atá Buan/ ar CTÉ in iarbhunscoileanna a bhfuil múinteoirí acu de bhreis ar an leithdháileadh ceadaithe nuair a ainmnítear múinteoir le haghaidh ath-imlonnú éigeantach

4. **An féidir liom iarratas a dhéanamh ar ath-imlonnú faoi scéim Phíolótach má táim as láthair ar neamhláithreacht cheadaithe, m.sh. sos gairme, saoire mháithreachais?**

   Is féidir le múinteoir atá ar chead neamhláithreachta ó scoil i réigiún atá ainmnithe i scéim Phíolótach iarratas a dhéanamh ar ath-imlonnú deonach.

5. **Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar ath-imlonnú faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach?**

   Ní mór do mhúinteoir atá ag déanamh iarratais ar ath-imlonnú faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach **Foirm PilotVol RD1 17-18 - *Foirm Iarratais ar an scéim Phíolótach*** um Ath-Imlonnú deontas 2017-18

6. **An féidir liom an láthair a ndéanfar mé a ath-imlonnú chuici a roghnú?**

   Is féidir. Is féidir leat na láithreacha ar fad ar mhaith leat go ndéanfaí tú a ath-imlonnú chucu a liostáil. Má roghnaítear i gcomhair ath-imlonnaithe thú déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-imlonnú thú a shannadh chuig an bhfolúntas is oiriúnaí sna láithreacha sin.

7. **Cad é an t-achar is faide is féidir a bheith sa láthair ar féidir mé a athlonnú chuici?**

   I gcás ath-imlonnaithe faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach, is féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar ath-imlonnú chuig láthair ar bith beag beann ar an achar atá i gceist.

8. **I gcás ath-imlonnaithe faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach, an gá ceadú a fháil ó bhainistíocht na scoile chun cead a thabhairt do mhúinteoir iarratas a dhéanamh ar ath-imlonnú?**

   Tá. Ní mheasfar iarratas bheith bailí gan cead ó bhainistíocht na scoile. Ní mór an fhoirm iarratais **Pilot VOL RD1 17-18** a bheith sínithe ag ionadaí bhainistíocht na scoile/ Príomhfheidhmeannach an BOO.

9. **Cé mhéad múinteoir i scoil ar féidir leo cur isteach ar ath-imlonnú faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach?**

   Níl aon teorainn le líon na múinteoirí i scoil ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar ath-imlonnú faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach. Mar sin féin, ní mór don Bhord Bainistíochta/do Príomhoifigeach an BOO gach iarratas a cheadú i dtús báire.

   Cuirfidh na Stiúrthóirí ar Ath-imlonnú teorainn le líon na múinteoirí a dhéanfar a ath-imlonnú as scoil lena chinntiú nach gcuirtear as ar shlí diúltach d'fheidhmiú na scoile.

10. **An ndéanfar múinteoir a ath-imlonnú chuig scoil má ghlacann múinteoir sa scoil le tairiscint ar ath-imlonnú deonach faoin scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach?**

    Is é an chuspóir atá leis an scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach ná ath-imlonnú éigeantach buanmhúinteora/múinteora CTÉ le cois a éascú. Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-imlonnú gach iarracht ionadaí oiriúnach a fháil do mhúinteoir a ath-imlonnaítear faoin scéim Phíolótach. I gcásanna eisceachtúla, nuair nach bhfuil ionadaí oiriúnach ar fáil, cuirfear in iúl don scoil go ndéanfar an folúntas a líonadh ar an ngnáthshlí.

11. Má dhéantar múinteoir a ath-imlonnú as scoil faoi scéim Phíolótach um ath-imlonnú deonach, an bhfaighidh an scoil ionadaí iomlán don mhúinteoir sin?

Déanfaidh na Stiúrthóirí ar Ath-imlonnú riachtanais na scoile maidir le soláthar foirne a mheas agus d'fhéadfadh sé/sí múinteoir athsholáthair a ath-imlonnú chuig an scoil chun feidhmiú na scoile laistigh den leithdháileadh de sholáthar foirne atá ceadaithe di a éascú. Ag brath ar riachtanais na scoile maidir le soláthar foirne agus le comhaontú bhainistíocht na scoile, d'fhéadfadh sé seo a bheith ar bhonn uaireanta níos lú ná na huaireanta ar conradh a bhí ag an múinteoir atá á (h)ath-imlonnú faoin scéim seo.

12 Is sealbhóir Poist Freagrachta sa scoil reatha é/í múinteoir. Má dhéantar é/í a ath-imlonnú, an gcoinneoidh sé/sí an Post Freagrachta sin sa scoil nua?

Coinneoidh. Coinneoidh sealbhóirí poist a liúntas do phost freagrachta ar ath-imlonnú. Ceanglófar orthu dualgais bhainistíochta inscoile a chomhlíonadh sa scoil ghlactha ar aon dul le riachtanais na scoile sin.

13. Má dhéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-imlonnú , an rachaidh ath-imlonnú an mhúinteora sin i bhfeidhm ar leithdháileadh Post Freagrachta na scoile glactha?

Más rud é go ndéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-imlonnú agus go bhfágann sé sin gur mó an líon post freagrachta sa scoil ná an líon a bhfuil an scoil ina theideal, féadfaidh an scoil an post freagrachta breise a choinneáil. Mar sin féin, ní fhéadfar aon phost freagrachta eile a bhronnadh go dtí go mbeidh an líon post freagrachta sa scoil níos lú ná an líon a bhfuil sí ina theideal.

Más rud é go ndúntar scoil agus go ndéantar múinteoir a bhfuil Post Freagrachta aige/aici a ath-imlonnú, ní rachaidh sé sin i bhfeidhm ar theidlíocht na scoile glactha i leith post freagrachta ar feadh tréimhse seacht mbliana.

14. Tá múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha. Má dhéantar é/í a ath-imlonnú, an gcoinneoidh sé/sí an liúntas sin?

Más rud é go bhfuil múinteoir ag fáil liúntas a bhaineann go sonrach lena p(h)ost sa scoil reatha agus go ndéantar an múinteoir sin a ath-imlonnú, féach **Ciorclán 0008/2013** chun faisnéis a fháil faoi theidlíocht leanúnach an mhúinteora i leith an liúntais sin.